Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2024
(OR. en)

15143/24

LIMITE

TRANS 466
CODEC 2047

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0396(COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12831/24 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15200/23 + ADD1 |
| Ábhar: | Ullmhúchán don chruinniú den Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh), an 5 Nollaig 2024<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 92/106/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat tacaíochta um iompar idirmhódúil earraí agus Rialachán (AE) 2020/1056 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigilteas costas seachtrach a ríomh agus sonraí comhiomlánaithe a ghiniúint<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 7 Samhain 2023, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite (dá ngairtear 'an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte' anseo feasta) faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ba é an togra an píosa deireanach den phacáiste reachtach maidir le hIompar Lasta a Ghlasú[1] a cuireadh i láthair i mí Iúil 2023 i gcomhthéacs na Straitéise um an tSoghluaisteacht Chliste agus Inbhuanaithe.[2]

[1] 11856/23
[2] An Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí.

2. Áirítear sna trí thogra eile sa phacáiste athbhreithniú ar an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí le haghaidh feithiclí bóthair áirithe, dréachtrialachán maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair ('CountEmissions EU') agus dréachtrialachán maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid.

3. Moltar sa Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte go ndéanfaí Treoir 1992 atá i bhfeidhm faoi láthair[3] a leasú trí aistriú níos mó lasta de bhóthar chuig iompar idirmhódúil a dhreasú lena gcomhcheanglaítear feidhmíocht chomhshaoil níos fearr agus éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr na n-iarnród, na n-uiscebhealaí intíre agus na loingseoireachta gearrthurais le hinrochtaineacht agus solúbthacht an iompair de bhóthar. Is é an cuspóir atá ann an t-iompar idirmhódúil a dhéanamh níos tarraingtí d'oibreoirí eacnamaíocha agus na costais sheachtracha dhiúltacha, cuir i gcás astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailliú aeir, brú tráchta agus timpistí tráchta ar bhóithre, a laghdú ag an am céanna.

4. Príomhghné i dtreo an chuspóra sin is ea an sainmhíniú nua atá beartaithe ar 'oibríocht iompair chomhcheangailte' a thuigtear mar 'oibríocht iompair idirmhódúil' a chomhlíonann coinníollacha áirithe agus a dhéantar ar chríoch an Aontais. Dá gcomhlíonfaí na coinníollacha sin mar a leagtar amach sa togra iad, bheadh an oibríocht incháilithe do raon dreasachtaí ar fud an Aontais chomh maith le bearta tacaíochta náisiúnta.

5. Maidir leis an digitiú, sa Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte moltar Rialachán (AE) 2020/1056 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais[4] (dá ngairtear 'eFTI' anseo feasta) a leasú, ionas gur féidir le hardáin eFTI incháilitheacht a mheas agus sonraí comhiomlánaithe maidir le forbairt eacnamaíoch na hearnála a bhailiú. Ina theannta sin, leagtar síos leis an togra rialacha maidir le ceanglais thrédhearcachta le haghaidh críochfoirt trasloingsithe chun an t-iompar idirmhódúil a éascú a thuilleadh.

6. Is é an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte an tríú hiarracht chun Treoir 1992 a leasú, a mheastar a bheith as dáta agus teoranta ó thaobh raon feidhme de. Tarraingíodh siar ina dhiaidh sin na tograí ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú ar an ngníomh dlí in 1998 agus in 2017.

---

[3] Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú le haghaidh cineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit, *IO L 368, 17.12.1992, lgh. 38-42*.

[4] Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais, *IO L 249, 31.7.2020, lgh. 33-48*.



PUBLIC

## II. AN OBAIR SNA hINSTITIÚIDÍ EILE

7. D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar choiste freagrach. An 13 Meán Fómhair 2024, cheap TRAN Flavio TOSI (PPE, IT) mar rapóirtéir. Tháinig sé in ionad an rapóirtéara roimhe sin Massimiliano SALINI (PPE, IT) a d'fhoilsigh doiciméad oibre[5] ina raibh moltaí an 1 Márta 2024.

8. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim[6] ag an 585ú seisiún iomlánach a bhí aige an 14 Feabhra 2024. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim[7] ag an 159ú seisiún iomlánach a bhí aige an 31 Eanáir – 1 Feabhra 2024.

PUBLIC

## III. AN OBAIR SA CHOMHAIRLE

9. Thíolaic an Coimisiún an togra agus an measúnú tionchair a ghabhann leis ag an Meitheal um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an 17 Samhain 2023 faoi Uachtaránacht na Spáinne.

10. Scrúdaigh Uachtaránacht na Beilge an togra go mion ag aon chruinniú dhéag den Mheitheal ina raibh 7 dtéacs comhréitigh, agus chuir sí tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid na Comhairle an 18 Meitheamh 2024[8].

11. Lean Uachtaránacht na hUngáire den chomhad a scrúdú sa Mheitheal an 10 Meán Fómhair agus an 1 Deireadh Fómhair 2024. Bhí plé ag an Uachtaránacht in Coreper le haghaidh treoir bhreise an 16 Deireadh Fómhair 2024.

---

[5] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TRAN-DT-759727_GA.pdf
[6] 10705/24
[7] 06311/24
[8] 10275/24

## IV. AG OBAIR I dTREO COMHRÉITIGH

12. Chuir Uachtaránacht na hUngáire tús leis an obair ar an gcomhad trí chur chuige níos solúbtha a fhiosrú, agus tuairimí éagsúla na mBallstát á gcur san áireamh. Ba léir nach dtabharfaí dóthain tacaíochta don sainmhíniú nua ar iompar comhcheangailte sa togra ón gCoimisiún, togra atá bunaithe ar thairseach 40 % ar a laghad de choigilteas costas seachtrach. Ba mhór ag roinnt toscaireachtaí an comhréiteach deireanach ar thángthas air faoi Uachtaránacht na Beilge lena leagtar amach ceanglas maidir le híosmhéid 50 % d'iompar neamhbhóthair, ach arís níor leor an tacaíocht a bhí ann. Ag an am céanna, bhí roinnt toscaireachtaí ag iarraidh go mbeadh fadteorainn shocraithe ann don chéim iompair de bhóthar, agus mhol toscaireachtaí áirithe gur cheart iompú ar an sainmhíniú a tugadh i gcur chuige ginearálta 2018 ón gComhairle inar socraíodh an teorainn sin ag 150 km.[9]

13. Mar chéad chéim, thíolaic an Uachtaránacht plépháipéar ina raibh dhá rogha sa bhreis ar an gceanglas maidir le 50 % ar a laghad d'iompar neamhbhóthair. Faoin gcéad rogha, tugadh isteach uasteorainn 150 km ar an gcéim bhóthair ina raibh díolúintí maidir leis an gcríochfort trasloingsithe oiriúnach is gaire a bhaint amach. Moladh sa dara rogha an teorainn 150 km ar an gcéim iompair de bhóthar a choinneáil le haghaidh na naisc iompair de bhóthar-uisce-iompair agus dóibh sin amháin, moladh atá comhchosúil leis na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair. Maidir leis na naisc iompair de bhóthar-iarnróid, moladh ann an tsolúbthacht a thabhairt do na Ballstáit roinnt fadraonta a shocrú don chéim iompair de bhóthar agus cinneadh a dhéanamh, dá réir sin, maidir leis na dreasachtaí a bheadh le cur i bhfeidhm. Ba é an aidhm a bhí ann teacht ar chomhréiteach lena léireofaí na cúinsí éagsúla geografacha agus an bonneagar éagsúil lóistíochta atá sna Ballstáit. Bhí a lán toscaireachtaí den tuairim, áfach, go raibh an dara rogha róchasta lena cur chun feidhme, agus go bhféadfadh baol a bheith ann go ndéanfaí rialacha a ilroinnt ar fud an Aontais.

14. Ina dhiaidh sin, mhol an Uachtaránacht téacs comhréitigh maidir leis na hairteagail go léir. Maidir leis an bpríomh-shaincheist i ndáil le raon feidhme an iompair chomhcheangailte, bunaíodh an comhréiteach ar an gcéad rogha ón bpléphάipéar, i.e. 50 % ar a laghad d'iompar neamhbhóthair agus fadteorainn 150 km ar an gcéim iompair de bhóthar. Tugadh isteach tacar coinníollacha dea-shainithe, lena soiléirítear na huaireanta is féidir an chaidhp ar an gcéim iompair de bhóthar a shárú.

---

[9] 15147/18



PUBLIC

15. Ina theannta sin, rinne an Uachtaránacht a marana ar na bealaí is féidir saincheist na n-ardán digiteach a réiteach chun an incháilitheacht a fhíorú agus an oibríocht um iompar comhcheangailte á pleanáil agus mar chruthúnas ar chomhlíonadh ag na seiceálacha cois bóthair. Mheas a lán toscaireachtaí go raibh an chéad mholadh maidir le hardán geochódaithe digiteach sealadach a bheadh le forbairt ag an gCoimisiún casta agus neamhriachtanach. Dá bhrí sin, chuir an Uachtaránacht clásal cosanta san áireamh ina comhréiteach, lenar áirithíodh nach mbeidh ar eagraithe iompair chomhcheangailte ardáin eFTI a úsáid go dtí go mbeadh líon leordhóthanach soláthraithe seirbhíse ardáin eFTI deimhnithe do na feidhmiúlachtaí nua is gá.

16. Thairis sin, leasaigh an Uachtaránacht na forálacha maidir le creataí náisiúnta beartais chun glacadh an iompair chomhcheangailte a éascú, lena soiléirítear, i measc nithe eile, cineál deonach agus mianaidhme na sprice chun costais iomlána na n-oibríochtaí iompair chomhcheangailte a laghdú.

17. Rinne an Uachtaránacht iarracht freisin teacht ar réiteach oiriúnach maidir leis an bhforáil lena ndíolmhaítear na feithiclí a dhéanann céimeanna iompair de bhóthar d’oibríochtaí iompair chomhcheangailte ó thoirmisc tiomána trí roinnt maoluithe a mholadh.

18. Sa Mheitheal, bhí idir tuairimí dearfacha agus diúltacha i leith an chomhréitigh ón Uachtaránacht. Dá dheasca sin, tháinig an Uachtaránacht ar an gconclúid, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an togra, gur ghá an sainmhíniú ar an iompar comhcheangailte a shoiléiriú ar dtús ós rud é go gcinntear leis incháilitheacht do dhreasachtaí agus do bhearta tacaíochta.

19. Dá bhrí sin, chinn an Uachtaránacht treoir a iarraidh ar Coreper le dhá cheist: cé acu an féidir nó nach féidir meascán de 50 % ar a laghad d’iompar neamhbhóthair agus fadteorainn 150 km ar an gcéim iompair de bhóthar, cuir i gcás, a bheith mar bhonn don sainmhíniú; agus cé acu atá nó nach bhfuil gá le heisceachtaí chun foráil a dhéanamh do chásanna sonracha. Léiríodh leis an toradh a bhí ar an bplé a rinne Coreper go bhfuil tuairimí na mBallstát maidir le raon feidhme an iompair chomhcheangailte fós éagsúil, agus cuid acu go mór i bhfabhar teorainn a chur leis an gcéim iompair de bhóthar shocraithe, cuid eile acu i bhfabhar chur chuige maidir le sciar den chéatadáin, agus an tríú grúpa atá réidh chun solúbthacht a léiriú. Ina theannta sin, mheas roinnt Ballstát go raibh sé róluath ardáin eFTI a úsáid d’eagraithe iompair chomhcheangailte.


PUBLIC

20. Tá gá le tuilleadh oibre chun teacht ar chomhréiteach maidir leis na saincheisteanna atá fós gan réiteach. I gcás roinnt Ballstát, tá dreasachtaí lena spreagtar naisc lasta iarnróid bunriachtanach. I ndáil leis sin, d'fhéadfaí féachaint ar fhorálacha ar leith maidir le hoibríochtaí a bhaineann le trasloingsiú bóthair-iarnróid agus maidir le hoibríochtaí a bhaineann le trasloingsiú bóthar-uisce-iompartha ar choinníoll gur féidir deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú le cur chuige den sórt sin agus nach mbeadh ilroinnt mar thoradh air. Ag an am céanna leagann na Ballstáit oileánacha béim ar a thábhachtaí atá sé na forálacha atá beartaithe maidir le hiompar idirmhódúil inbhuanaithe idir oileáin agus na Ballstáit oileánacha agus an mhórthír a choinneáil.

## V. CONCLÚID

21. Tar éis an chruinnithe a bhí aige an 27 Samhain 2024, iarann Coreper ar an gComhairle an tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an obair i ndáil leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte a thabhairt dá aire.

PUBLIC